# Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin
# Ár dTuairisc Féinmheastóireachta agus Plean Feabhsúcháin

**1. Réamhrá**

Cláraíonn an doiciméad seo na torthaí ónár bplean feabhsúcháin deiridh, torthaí na féinmheastóireachta seo, agus ár bplean feabhsúcháin reatha, lena n-áirítear spriocanna agus na gníomhartha a dhéanfaimid chun na spriocanna a bhaint amach.

**1.1 Torthaí ónár bplean feabhsúcháin deiridh ó Mheán Fómhair 2022 go Bealtaine 2023**

- Botúin leanúnacha á ndéanamh i ngramadach na Gaeilge
- Deacrachtaí ag na daltaí le comhaireamh trí Ghaeilge

**1.2 Fócas na meastóireachta seo**

Rinneamar féinmheastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim le linn na tréimhse *Feabhra 2023* go *Bealtaine 2023*. Rinneamar meastóireacht ar na gnéithe) seo a leanas de theagasc agus foghlaim:

- Litearthacht - Cruinneas sa ghramadach
- Buíonteagaisc
- Clár Frithmhaistíneachta Happy Hands
- Uimhearthacht – comhaireamh

**2. Torthaí - 2.1 Is cleachtadh éifeachtach / an-éifeachtach é seo inár scoil**

*Liostaigh príomhláidreachtaí na scoile sa teagasc agus san fhoghlaim.*

- Meon dearfach i leith na Gaeilge
- Tuiscint ar bhuntáistí na Gaeilge ó thaobh na fostaíochta de

**2.2. Seo an chaoi is eol dúinn**

*Liostaigh na foinsí fianaise. Déan tagairt do mheonta, gnóthachtáil, eolas agus scileanna daltaí.*

- Suirbhé uile-scoile curtha faoi bhráid na ndaltaí, na múinteoirí agus faoi bhráid na dtuistí
- Torthaí na hArdteiste – torthaí ní ab airde ná scoileanna T1 i roinnt ábhar
- Torthaí na Sraithe Sóisearaí – torthaí ní ab airde ná scoileanna T1 i roinnt ábhar
- Meon dearfach ag tromlach na ndaltaí i leith na foghlama
- Rannpháirtíocht mhaith in imeachtaí breise - clubanna ábhair, spóirt, tráth na gceist, comórtais, imeachtaí eischuraclaim
- Tinreamh maith i measc ár ndaltaí
- Aiseolas ó mhúinteoirí faoina gcleachtas

**2.3 Seo a bhfuilimid chun díriú air d'fhonn ár gcleachtadh a fheabhsú a thuilleadh**

*Sonraigh na gnéithe de theagasc agus foghlaim atá aitheanta agus curtha in ord tosaíochta ag an scoil do thuilleadh feabhsúcháin.*

- Litearthacht - Cruinneas gramadaí, botúin choitianta a laghdú sa Ghaeilge labhartha agus scríofa
- Buíonteagaisc - Buíonteagaisc seachas daltaí a thógaint ó ranganna más féidir. Modhanna buíonteagaisc a chur i bhfeidhm.
- Helping Hands - ag díriú ar thimpeallacht níos cairdiúla a chruthú ag úsáid tástálacha sociometreacha
- Uimhearthacht – ag comhaireamh as Gaeilge

**3. Ár bplean feabhsúcháin**

Ar an gcéad leathanach eile tá cláraithe againn:

- Na **spriocanna** d'fheabhsúchán atá socraithe againn
- Na **gníomhartha** a dhéanfaimid chun iad seo a bhaint amach
- **Cé atá freagrach** as ár bplean feabhsúcháin a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air
- Conas a dhéanfaimid **dul chun cinn** a thomhas agus **torthaí** a sheiceáil (critéir don rath)

De réir mar a chuirimid ár bplean feabhsúcháin i bhfeidhm, déanfaimid na nithe seo a thaifeadadh:

- An **dul chun cinn** a rinneadh, agus **leasuithe** a rinneadh, agus **cathain**

- **Gnóthachtáil spriocanna** (cinn bunaidh agus cinn leasaithe), agus **cathain**

# Ár bPlean Feabhsúcháin

## Is é an fráma ama don phlean feabhsúcháin seo ó Mheán Fómhair 23 go Bealtaine 24

| Spriocanna | Gníomhartha | Daoine / grúpaí freagrach | Critéir don rath | Dul chun cinn agus leasuithe | Spriocanna a baineadh amach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| • Litearthacht: cruinneas gramadaí | 1.Leabhair ghramadaí - Gramadach gan Stró - a ordú don fhoireann.<br><br>2.Liosta de na botúin ghramadaí is coitianta a chur i Lámhleabhar na Foirne<br><br>3.Liosta de na botúin ghramadaí is coitianta a chur ar bhord an mhúinteora/na hoifige sna seomraí ranga<br><br>4.Gaelgram a úsáid<br><br>5.An plean a phlé ag cruinnithe ábhair & foirne.<br><br>6.An liosta de na botúin ghramadaí a chur sna pleananna ábhair<br>Aird na ndaltaí a tharraingt ar na botúin sna ranganna<br><br>7.Na scáileáin a úsáid chun aird na ndaltaí a tharraingt orthu<br><br>8.An nuachtlitir a úsáid chun aird na foirne a tharraingt orthu & ar an | 1. Edel<br>2. Donnchadh<br>3. Na ranna ábhair<br>4. Gach múinteoir<br>5. Edel<br>6. Na Ranna Ábhair<br>7. Donnchadh agus Edel<br>8. Edel agus Donnchadh<br>9. Edel agus Donnchadh<br>10. Roinn na Gaeilge<br>11. Rónán Ó Muirí,Edel Ní Loingsigh,Aoife Ní Mhathúna<br>12. Edel | • Táimid ag súil nach ndéanfar na botúin choitianta faoi dheireadh na scoilbhliana<br>• Beidh feabhas i gcruinneas cainte & scríofa na ndaltaí<br>• Beidh an feabhas seo le feiscint i ranganna lasmuigh de na ranganna Gaeilge freisin<br>• Beidh daltaí ag ceistiú cad é atá cruinn | Beidh gá le níos mó cóipeanna de Gramadach gan stró a órdú don bhliain seo chugainn. | • Torthaí scrúdaithe ranga<br>• Torthaí scrúdaithe tí |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | seoladh rphost<br>gaeilge@gaelcul.ie<br><br>9. Spás a chruthú sa seomra foirne chun sonraí faoi a chur ar an gclár gorm<br><br>10.Seachtain na Gaeilge – comórtas ar an gcruinneas sa ghramadach<br><br>11.Clinic Gaeilge na Scoile<br><br>12.Cur i láthair faoi a dhéanamh don Bhord Bainistíochta | | | | |

| Spriocanna | Gníomhartha | Daoine / grúpaí freagrach | Critéir don rath | Dul chun cinn agus leasuithe | Spriocanna a baineadh amach |
|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| • Uimhearthacht: | **1.An foirgneamh a mhaisiú le póstaeir faoin gcomhaireamh go háirithe an seomra eolaíochta agus mata, ar an gclár Féinmheastóireacht scoile agus sna bunseomraí ranga.**<br><br>**2.Ceistneoir a dhearadh agus a roinnt leis na daltaí chun fiosrú a dhéanamh ar bhunthuiscint na ndaltaí faoi chomhaireamh trí Ghaeilge.**<br><br>**3.An téama seo a chur i bhfillteáin ábhar na ranna éagsúla**<br><br>**4.Díriú ar na botúin sa rang**<br><br>**5.Aththomhas a dhéanamh ar na botúin ag deireadh na scoilbhliana**<br><br>**6.Na scáileáin a úsáid chun aird a tharraingt ar na huimhreacha** | 1.Roinn na Matamaitice agus Roinn na hEolaíochta, Edel<br><br>2.Roinn na Mata, na hEolaoíchta agus na Gaeilge<br><br>3.Na Ranna Ábhair<br><br>4.Na Ranna Ábhair<br><br>5.Na Ranna Ábhair<br><br>6.Na Ranna Ábhair | Beimid ag súil go mbeidh daltaí in ann comhaireamh go cruinn, nó ar a laghad go mbeidh feabhas le feiscint ar a scileanna comhairimh. | | 1.Tá postaéirí á chrocadh ag tarraingt aird ar seo.<br><br>2.Tá an clár PFS uasdátaithe sa Seomra Foirne.<br><br>3.Déanfar tástáil ar chomhaireamh na ndaltaí i Scrúdaithe an tSamhraidh agus pléifear na torthaí i Mí Lúnasa. |

| Spriocanna | Gníomhartha | Daoine / grúpaí freagrach | Critéir don rath | Dul chun cinn agus leasuithe | Spriocanna a baineadh amach |
|---|---|---|---|---|---|
| ● Buíonteagasc - Scileanna buíonteagaisc foirne a chur chun cinn. | **1.Ceardlann ar seo ag ár gcéad Chruinniú Foirne**<br><br>**2.Doiciméid rointe idir na múinteoirí chuí chun róil agus dualgaisí an mhúinteora a shoiléiriú roimh an rang.** | 1.Bernadette (Comhordaitheoir RSO)<br><br>2.Bernadette | 1.Fanfaidh páistí ina mbunranganna seachas a bheith tógtha as ranganna le haghaidh cabhair breise.<br><br>2.Beidh rochtain ag níos mó páistí ar an gcabhair breise seo de bharr an tarna muinteoir a bheith sa seomra leo.<br><br>3.Rachaidh scileanna buíonteagaisc na múinteoirí i bhfeabhas.<br><br>4.Beidh gach múinteoir soiléir faoina róil agus cén módh bhuíonteagaisc a bheidh ar siúl acu sa rang. | 1.Bhí gá le soiléiriú a thabhairt ar na róil a bhí ag gach múinteoir go luath sa scoilbhliain. | Lorgóimid aiseolas ó na múinteoirí a bhí bainteach le buíonteagaisc ag an gCruinniú Foirne deireanach chun feabhas a chur le seo arís an bhliain seo chugainn. |

| Spriocanna | Gníomhartha | Daoine / grúpaí freagrach | Critéir don rath | Dul chun cinn agus leasuithe | Spriocanna a baineadh amach |
|---|---|---|---|---|---|
| Folláine:<br>Clár Frithmhaistíneachta Helping Hands a chur i bhfeidhm | **1.Traenáil Helping Hands le déanamh ag gach Ceann Bliana**<br><br>**2.Tástáileach sociméadracha Helping Hands a dhéanamh chun aiseolas a fháil faoi daltaí atá ar an imeall, agus iad siúd ar a bhfuil éileamh orthu.**<br><br>**3.Aiseolas ó Helping Hands a úsáid chun Plean Suíocháin a dhearadh.**<br><br>**4.Aiseolas ó Helping Hands a úsáid chun aird foirne a árdú roimh daltaí atá ar an imeall.** | 1.Cinn Bliana<br><br>2.Cinn Bliana<br><br>3.Cinn Bliana agus Oidí Ranga<br><br>4.Gach ball fóirne | 1.Go mbeidh laghdú ar an méid daltaí atá imeallach<br><br>2.Go mbeidh gach ball foirne ar an eolas faoi daltaí imeallach.<br><br>3.Go mbeidh an scoil ábalta plean suíocháin a chruthú a chuirfidh leis an bhfoghlam | **1.Bhí an aiseolas ó na tástáileach sociméadracha an-shuimiúil agus cabhrach chun daoine imeallach a aithint, chomh maith le daoine a aithint ar a bhfuil éileamh orthu sna ranganna.**<br><br>**2.Tháinig sé chun cinn nách raibh na pleananna suíocháin a dhearadh le Helping Hands ag cur leis an Múineadh agus Foghlam. Seachas an bogearra féina úsáid, úsáidtear aiseolas ó Helping Hands chun a bPleananna Suíocháin féin a dhearadh.** | **1.Tá laghdú tagtha ar an méid teachtaireachtaí ó bhaile ag gearán faoi na pleananna suíocháin.**<br><br>**2.Tá laghdú tagtha ar pháistí atá ar an imeall sna ranganna.**<br><br>**3.Tá eolas i bhfad níos doimhne ag na Cinn Bliana agus Oidí Ranga faoi an bhfuinneamh idir na daltaí i ngach rang.** |